



An Rialálaí
Carthanas

Charities
Regulator

Treoir maidir le Cúlchistí Carthanas

Séanadh Dílíthiúil:

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú.

Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ná aon chomhairle chuntasaíochta ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh nó a gcomhairle ghairmiúil neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Clár Ábhar

Maidir leis an treoir seo	4
1. Réamhrá	6
2. Cad is cúlchistí ann?	6
3. Ar cheart do charthanas beartas cúlchistí a bheith i bhfeidhm aige?	7
4. Cén fhaisnéis ba cheart a chur ar áireamh i mbeartas cúlchistí?	8
5. Conas ba cheart d'iontaobhaithe carthanais leibhéal cúí cúlchistí a chinneadh?	9
6. Cad ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar na cúlchistí?	12
7. Cúlchistí carthanais a úsáid le linn géarchéime	13

Maidir leis an treoir seo

Tá an treoir seo á heisiúint ag an Rialálaí Carthanas de bhun alt 14(1) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla (carthanas) a spreagadh agus a éascú.

Seo a leanas roinnt **téarmaí tábhachtacha** ar gá iad a thuiscint chun an treoir seo a léamh.

Cistí srianta:

cistí a bhfuil oibleagáid ar na hiontaobhaithe carthanas iad a chaitheamh ar bhealach sonrath nó chun cuspóra shonraigh atá leagtha amach i litir thairisceana cistiúcháin nó i gconradh seirbhísí, mar atá sonraithe ag an deontóir nó ag an síntiúsóir, fad a thagann sé sin faoi mhórchuspóirí an charthanas.

Cistí dearlaice:

cistí a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na hiontaobhaithe carthanas iad a infheistiú nó a choinneáil mar chaipiteal. Féadfar ioncam a ghintear ón gcaipiteal sin a chaitheamh faoi rogha an charthanas, ar aon dul leis na cuspóirí atá aige. Cé go sealbhófar na cistí sin i bhfoirm infheistíochtaí airgeadais de ghnáth, féadfar iad a shealbhú mar mhaoin lena húsáid ag an gcarthanas freisin.

Cistí neamhshrianta:

cistí a bhféadfaidh na hiontaobhaithe carthanas iad a chaitheamh faoina rogha féin ar mhaithe le haon chuspóirí atá ag an gcarthanas.

Cistí ainmnithe:

cistí atá mar chuid de na cistí neamhshrianta a chuir na hiontaobhaithe carthanas i leataobh le haghaidh tionscadal nó úsáid ar leith gan na cistí a shrianadh nó a cheangal go dlíthiúil, mar shampla cistí a úsáid chun tionscadal a chistiú i gcás nach bhféadfaí an tionscadal sin a chistiú ó ioncam amach anseo amháin. Féadfaidh na hiontaobhaithe carthanas an t-ainmniú a chur ar ceal i gcás go gcinneadh siad ina dhiaidh sin nach rachaidh an tionscadal beartaithe ar aghaidh.

Cistí ginearálta:

cistí nach bhfuil sannta do chuspóirí sonrath. Is cistí neamhshrianta iad cistí ginearálta agus féadfar iad a úsáid chun cuspóirí an charthanas a chur chun cinn, chun íoc as gnáthghníomhaíochtaí laethúla an charthanas agus chun íoc as speansais riaracháin agus oibriúcháin nach gcumhdaítear le hioncam srianta nó le deontais.

1

Réamhrá

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as carthanas a bhainistiú agus a rialú. Cé gur oibríthe deonacha iad, gabhann freagracht shuntasach leis an ról mar iontaobhaí carthanais. Is ar an mbord iontaobhaithe ar charthanas atá an fhreagracht chomhchoiteann as maoirseacht a dhéanamh ar an gcarthanas.

Tá dualgas dlíthiúil ar iontaobhaithe carthanais gníomhú le scil agus cúram réasúnach agus le barr leasa a gcarthanais agus a chuid tairbhithe. Le linn amanna atá éiginnte ón taobh eacnamaíoch de, agus nuair atá imthosca dúshlánacha airgeadais roimh an gcarthanas, is féidir gur gá dó barr leasa a chuid creidiúnaithe a bhreithniú freisin. Tá iontaobhaithe carthanais freagrach freisin as cistí an charthanais agus as aon mhaoín nó sócmhainní eile atá ina sheilbh. A mhéid is féidir é, ní mór dóibh na rioscaí a bhfuil a gcarthanas neamhchosanta orthu a bhreithniú agus a laghdú freisin. Tá cinntí maidir le beartas cúlchistí an charthanais ina gcuid thábhachtach den dualgas cúraim sin agus baineann tábhacht ar leith leo le linn amanna atá éiginnte ón taobh eacnamaíoch de.

Tá an doiciméad seo dírithe ar iontaobhaithe carthanais ar charthanas bheaga agus mheánmhéide agus mínítear na nithe seo a leanas ann:

- > Cad is ciall leis an téarma ‘cúlchistí’?;
- > An tábhacht a bhaineann le beartas cúlchistí a bheith i bhfeidhm;
- > Na príomhphointí atá le breithniú agus beartas cúlchistí á fhorbairt;
- > Conas na leibhéil chuí chúlchistí a chinneadh; agus
- > Conas cúlchistí carthanais a úsáid le linn géarchéime.

2

Cad is cúlchistí ann?

Is ionann cúlchistí carthanais agus an chuid sin de chistí an charthanais a fhéadfar a chaitheamh go saor ar aon cheann de na cuspóirí atá ag an gcarthanas. I bhformhór na gcásanna, carntar cúlchistí le himeacht ama trí bharrachas neamhshrianta a ghiniúint agus trí sciar den airgead barrachais a ainmniú mar chúlchiste d'aon ghnó. Cabhraíonn cúlchistí le cobhsaíocht airgeadais a chothabháil agus cumasaíonn siad do charthanas a cheangaltais a chomhlíonadh, leanúint le hobair a chur i gcrích agus seirbhísí a sholáthar, fiú amháin i gcás go dtiocfaidh eachtraí nó costais gan choinne chun cinn.

Ní cúlchistí iad cistí srianta agus cistí dearlaice toisc nach mór na cistí sin a chaitheamh ar bhealach sonrach. I bhformhór na gcásanna, ní cúlchistí ach oiread iad sócmhainní seasta inláimhsithe atá á sealbhú lena n-úsáid ag an gcarthanas féin. Ní cúlchistí iad na sócmhainní sin toisc gur gnách go mbaineann an carthanas úsáid astu chun a chuid gníomhaíochtaí nó seirbhísí a sholáthar, rud a fhágann nach bhféadfar iad a dhíol chun easnamh cistiúcháin a ghlanadh. Ní cúlchistí ach oiread iad aon mhéideanna a cuireadh i leataobh cheana féin le haghaidh caiteachas riachtanach amach anseo (i.e. cistí srianta).

Tríd is tríd, táthar ag súil leis go gcaithfidh carthanas a ioncam ar a chuspóirí carthanúla a chur chun cinn, ach amháin i gcás go mbeidh cúis shonrach ann leis an ioncam sin a choinneáil. Is féidir údar a bheith le mórleibhéil chúlchistí

a choinneáil i gcás go mbeidh plean soiléir forbartha ann, mar shampla chun foirgneamh nua a cheannach i gceann cúpla bliain nó chun infheistiú i gcláir nua. Tá seans ann go ndéanfar difear díobhálach do dhearcadh an phobail i leith an charthanais, áfach, i gcás go gcarnfaidh sé ardleibhéal cúlchistí gan aon mhíniú nó aon údar soiléir. Toradh eile a d'fhéadfadh a bheith ar chúlchistí a stoc-charnadh gan bhunús is ea ábhair inní a chruthú nach mbíonn sócmhainní carthanúla á n-úsáid chun cuspóra carthanúil. Tríd is tríd, sealbhaíonn carthanais cúlchistí:

- chun freastal ar cheangaltais an charthanais nuair a bhíonn róchaiteachas ann nó nuair a thiteann eachtraí neamhphleanáilte amach;
- chun easnaimh ioncaim a chistiú, mar shampla nuair a bhíonn moill ann ar ioncam a fháil nó nuair nach mbaineann ioncam na leibhéil a rabhthas ag súil leo amach;
- chun seirbhísí an charthanais a chistiú nuair a thiteann eachtraí gan choinne amach (amhail tubaiste nádúrtha ar ina leith a theastaíonn seirbhísí breise gan réamhrabhadh);
- chun freagairt do dheacrachtaí nó do ghéarchéim gan choinne.

Trí chúlchistí cuí a shealbhú, is féidir le hiontaobhaithe carthanais a thaispeáint go bhfuil siad ag gníomhú chun an carthanas a chosaint ar dhúshláin agus éiginnteachtaí amach anseo agus ar athruithe in imthosca eacnamaíocha.

3

Ar cheart do charthanas beartas cúlchistí a bheith i bhfeidhm aige?

Moltar do charthanas beartas cúlchistí a bheith i bhfeidhm aige mar chuid dá bhainistiócht airgeadais inmheánach. Ar an tslí sin, cabhrófar le hiontaobhaithe carthanais acmhainní carthanais a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

Le beartas cúlchistí, cabhrófar le hiontaobhaithe carthanais a mhíniú dá gcuid síntiúsóirí agus tairbhíthe agus dá leas-sealbhóirí eile cén fáth a bhfuil leibhéal cúlchistí ar leith á sealbhú ag an gcarthanas agus conas a bheartaíonn siad na cúlchistí sin a úsáid. Nuair is cuí, leagfar amach sa bheartas freisin conas a charnfar na cúlchistí go dtí go mbainfidh siad an leibhéal atá comhaontaithe ag na hiontaobhaithe carthanais amach. Leis an mbeartas, is féidir go gcabhrófar le síntiúsóirí agus le maoinitheoirí a fheiceáil cén áit a bhfuil na bearnaí cistiúcháin agus conas is féidir leo cabhrú leis an gcarthanas na riachtanais chistiúcháin atá aige a chomhlíonadh. Mar an gcéanna, is féidir go mbainfidh carthanas úsáid as a bheartas cúlchistí chun a mhíniú cén fáth – mar gheall ar a mhéid, ar a aidhmeanna agus ar a ghníomhaíochtaí – a bhfuil sé le barr leasa an charthanais gan aon chúlchistí a shealbhú. Mar shampla, is féidir go mbeidh

eagraíocht bheag a bhfuil patrún cobhsaí ioncaim aici, nach bhfuil aon cheangaltais uirthi agus ar beag a neamhchosaint ar thosca seachtracha in ann maireachtáil gan aon chúlchistí a bheith aici. Ba cheart di bheith in ann déanamh amhlaidh mar thoradh ar chinneadh meáite, áfach, mar atá léirithe sa bheartas cúlchistí.

I gcás go mbeidh na cúlchistí ró-íseal, is féidir gur gá ioncam an chiste ghinearálta a choinneáil os cionn caiteachais ar feadh cúpla bliain agus an méid sin a dhéanamh go dtí go mbainfidh na cúlchistí an leibhéal riachtanach amach. Is gá d'iontaobhaithe carthanais an riachtanas leis sin a chur ina luí ar a gcuid tacadóirí, áfach. Mar an gcéanna, is féidir go n-aithneoidh carthanas go bhfuil a gcúlchistí ró-ard agus go dtosóidh siad ar iad a chaitheamh ansin ar a gcuid gníomhaíochtaí a mhéadú. Mar sin, beidh caiteachas na gcarthanas sin níos mó ná a n-ioncam ar feadh tréimhse ama.

4

Cén fhaisnéis ba cheart a chur ar áireamh i mbeartas cúlchistí?

Maidir leis an méid sonraí a bheidh i mbeartas cúlchistí, beidh sé uathúil don charthanas agus beidh sé ag brath ar mhéid agus castacht a chuid gníomhaíochtaí. Is faoin mbord iontaobhaithe carthanais atá sé na nithe a bheidh sa bheartas cúlchistí agus na leibhéil chúlchistí a bheidh ag teastáil a chinneadh. Ba cheart an méid seo a leanas a lua go soiléir i mbeartas cúlchistí:

- **Na cúiseanna le cúlchistí a bheith ag an gcarthanas nó le gan aon chúlchistí a bheith aige.** Míneofar anseo cén fáth a gcreideann na hiontaobhaithe carthanais go bhfuil cúlchistí ag teastáil nó nach bhfuil siad ag teastáil. Beidh ag gach carthanas a chúiseanna féin le cúlchistí a shealbhú. Beidh na cúiseanna sin ag brath ar ghníomhaíochtaí, rioscaí agus pleananna amach anseo an charthanais.
- **Na bearta a rinneadh chun an leibhéal cúlchistí a shocrú.** Déanfar mionchur síos anseo ar an dóigh a ndearna na hiontaobhaithe carthanais breithniú ar staid airgeadais fhoriomlán an charthanais chun an leibhéal cúlchistí atá ag teastáil a shocrú.
- **An leibhéal cúlchistí atá ag teastáil.** Beidh an leibhéal cúlchistí atá ag teastáil uathúil do gach carthanas aonair.
- **Straitéis le haghaidh leibhéil chúí chúlchistí a chnád.** Leagfar amach anseo conas a bheartaíonn an carthanas an leibhéal cúí cúlchistí a bhaint amach.
- **Socruithe le haghaidh faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas cúlchistí.** Ní doiciméad statach é beartas cúlchistí. Tiocfaidh athrú ar riachtanais. Is féidir go dtiocfaidh athrú ar staid airgeadais an charthanais nó ar a chuid pleananna freisin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí faireachán agus athbhreithniú rialta ar an mbeartas cúlchistí, go háirithe i gcás go mbeidh dian-imthosca airgeadais roimh an gcarthanas agus go mbeidh imní ann nach mbeidh an carthanas in ann suimeanna atá dlite do chreidiúnaithe a ghlanadh.
- **Straitéis cumarsáide le haghaidh cúlchistí an charthanais a mhíniú don phobal.** Ba cheart do charthanas a mhíniú go soiléir dá leas-sealbhóirí cad a mheasann sé a bheith ina leibhéal cúí cúlchistí agus cén fáth. Ba cheart an ráiteas sin a nuashonrú chun aon athruithe i gcúlchistí an charthanais nó ina bheartas cúlchistí a léiriú.

5

Conas ba cheart d'iontaobhaithe carthanais leibhéal cuí cúlchistí a chinneadh?

Is faoin gcarthanas aonair atá sé an méid ba cheart dó a bheith aige i gcúlchistí a chinneadh. Ní hionann an méid do gach carthanas agus tá roinnt tosca ann a dhéanann difear don mhéid cuí ba cheart do charthanas a bheith ar láimh aige. Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- > méid an charthanais;
- > na hoibleagáidí conartha atá ar an gcarthanas i leith aon soláthraithe agus aon chreidiúnaithe ginearálta a fhostóidh sé;
- > cé acu atá nó nach bhfuil oibleagáidí ar an gcarthanas mar fhostóir; agus
- > an dóigh a ngintear ioncam an charthanais.

Mar shampla, is féidir go mbeidh carthanas beag atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin, a fhaigheann cistiú deontais agus nach bhfuil aon cheangaltais fhadtéarmacha air in ann leanúint ar aghaidh gan ach beagán cúlchistí a bheith aige. I gcomparáid leis sin, bheadh cúlchistí i bhfad níos airde ag teastáil ó charthanas atá ag reáchtáil roinnt tionscadal casta agus a bhfuil sruthanna éiginnte ioncaim aige nó ó charthanas a bhfuil ioncam séasúrach aige nó a bhfuil ceangaltais fhadtéarmacha air (mar shampla, carthanas a chistíonn taighde leighis).

Chun figiúr cúlchistí an charthanais a ríomh, is é an pointe tosaithe ná cistí iomlána an charthanais a thógáil agus cistí srianta agus cistí ainmnithe a dhealú uathu (i.e. airgead a cuireadh i leataobh cheana féin le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo). I gcás go n-ullmhófar cuntais an charthanais ar bhonn fabhrúithe – i.e. taifeadtar cúlchistí agus speansais de réir mar a thuilltear iad, beag beann ar cé acu a fhaightear nó a íoctar an t-airgead iarbhír – agus go n-áireofar sócmhainní seasta le hiarmhéid do chiste ghinearálta, beidh ort iad sin a bhaint as iarmhéid an chiste chun teacht ar an bhfigiúr cúlchistí.

I gcás go mbeidh tú ag iarraidh a dhéanamh amach cé acu atá nó nach bhfuil na cistí srianta, is gá duit a shainiú cé acu atá nó nach bhfuil aon srianta ann ar úsáid na gcistí atá níos teoranta ná cuspóirí foriomlána do charthanais. Tá difríocht ann idir srianta foirmiúla ar ceangal dlí iad agus mianta, agus is féidir go mbeidh sé riachtanach comhairle dlí nó comhairle ghairmiúil eile a fháil mura bhfuil cineál aon sriain soiléir.

Is féidir go bhfaighidh tú amach go bhfuil na srianta nó na coinníollacha ar fhorchuir maoinitheoir nó síntiúsóir iad leagtha amach i ndoiciméid amhail uacht nó conradh. Ní bhíonn sé sin amhlaidh i ngach cás, áfach. Mar shampla, i gcás gur cruinníodh airgead mar fhreagairt d'achainí phoiblí, is féidir nach mbeidh aon doiciméid mharthanacha ann agus nach mbeidh ach ainm an chiste ar an aon tásca amháin atá fágtha (mar shampla – 'Ciste na Linne Snámha Pobail'). I roinnt cásanna, beidh miontuairisc cruinnithe, sliocht ó uacht, litir nó píosa fianaise doiciméadaí den chineál céanna ann.

Is samplaí eile de chistí srianta iad na nithe seo a leanas:

- > Faightear carthanas síntiús €5,000 ar choinníoll go mbainfear úsáid as chun gaistí beatha a cheannach le haghaidh clár “um cheapadh, neodrú agus scaoileadh”. Beidh an síntiús sin ina chiste srianta.
- > Seolann carthanas bailiúchán chun airgead a chruinniú ar mhaithe le tionscadal taighde leighis a chistiú. Bheadh na cistí uile a fhaightear mar chuid den bhailiúchán sin srianta don tionscadal taighde.
- > Faightear leagáid ina sonraítear nach mór í a úsáid le haghaidh foirgneamh a chothabháil. Bheadh an t-ioncam ar fad ón leagáid sin srianta don fhoirgneamh a chothabháil.

A luaithe a fhaightear an pointe tosaithe sin amach, is féidir leis na hiontaobhaithe carthanais tús a chur lena iniúchadh cén leibhéal cúlchistí is mian leo a choinneáil.

Breithnigh staid airgeadais do charthanais

Chun a mheasúnú cén leibhéal cúlchistí is cuí dá gcarthanas, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais staid airgeadais a gcarthanais, agus an bhaint atá ag an staid airgeadais sin le gníomhaíochtaí an charthanais, a thuiscint. Is gá buiséid, réamhaisnéisí sreabhadh airgid agus pleananna bliantúla/straitéiseacha a bhreithniú, agus is gá go háirithe aon éiginnteacht maidir le hioncam amach anseo nó an riosca go dtiocfaidh caiteachas gan choinne chun cinn a chur san áireamh. Le linn duit do phleananna bliantúla/straitéiseacha a athbhreithniú, ba cheart duit a bhreithniú cé acu is féidir nó nach féidir speansais a íoc ó ioncam bliantúil nó cé acu is féidir nó nach féidir go mbeidh cúlchistí ag teastáil chun costais áirithe a íoc.

Is iad seo na réimsí ar leith ba cheart a bhreithniú:

- › Cistí chun lamháil a dhéanamh d'éigeandálaí nó riachtanais gan choinne, mar shampla bille deisiúcháin gan choinne nó cistiú atá ag teastáil le haghaidh tionscadal práinneach.
- › Gnáthchostais laethúla oibríúcháin gan choinne, amhail clúdach le haghaidh neamhláithreachta fhadtéarmach breoiteachta.
- › Ioncam deontais gan a bheith á athnuachan, agus cén fógra roimh ré a thabharfaí duit sa chás sin.
- › Ceangaltais bheartaithe a bhféadfadh go mbeadh leibhéil níos airde chistí ag teastáil ina leith.
- › Cistí chun lamháil a dhéanamh do riachtanas tairbheach méadaithe – is féidir go bhféadfaidh athruithe seachtracha go bhfaighidh do charthanas iarrataí breise ar thacaíocht.
- › An gá le heasnaimh ghearrthéarmacha ar bhuiséad airgid a chistiú. Mar shampla, is féidir go mbeidh sé riachtanach airgead a chaitheamh sula bhfaighfear cistiú.

Breithnigh an méid a theastaíonn uait i gcúlchistí

Is faoi na hiontaobhaithe carthanais sa deireadh atá sé a chinneadh cén dóigh go díreach a n-úsáidtear cúlchistí. Is iad na cúiseanna a dteastaíonn cúlchistí uait na tosca a bheidh taobh thiar den chinneadh ar an leibhéal cúlchistí agus ar an dóigh a léirítear é sin i do phleananna. I gcásanna áirithe, beidh méid sonracha i gceist le cúlchistí. I gcásanna eile, beidh an méid ag teacht le caiteachas roinnt míonna nó roinnt seachtainí, rud a d'fhéadfadh luainiú.

- › Más rud é go bhfuil tú ag pleanáil le haghaidh éigeandálaí gan choinne, beidh ort an méid caiteachais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a dhéanamh amach. Is féidir go mbeidh fonn ort méid a choinneáil siar mar theagmhas in aghaidh costais gan choinne.
- › Más rud é go bhfuil éiginnteacht ann faoi ioncam amach anseo, is féidir go mbeidh fonn ort cistí a shealbhú chun freastal ar chaiteachas ar feadh tréimhse chun lamháil a dhéanamh d'aon bhearnaí sa chistiú. Mar shampla: cúlchistí atá cothrom le caiteachas roinnt seachtainí nó roinnt míonna a bheith agat chun am a ligean le haghaidh foinsí nua ioncaim a fhorbairt nó le haghaidh an méid atá i ndán do ghníomhaíochtaí an charthanais a bhreithniú. Ba cheart duit bheith cúramach freisin a chinntiú nach gconróidh an carthanas fiach i gcás nach mbeidh tú den tuairim ionraic, ar fhorais réasúnacha, go mbeidh an carthanas in ann an fiach a íoc de réir mar a thagann sé chun bheith dlite.
- › Más rud é gur aithníodh costas sonracha, amhail feabhas ar shaoráidí, is féidir go mbeidh sé riachtanach cúlchistí a chnádadh chun freastal ar an gcostas amach anseo.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon fhoirmle ná aon chur chuige uileghabhálach ann i leith cúlchistí agus gur gá duit a bhreithniú cad atá ábhartha do do charthanas féin. Mar sin féin, ba cheart duit an leibhéal cúlchistí atá ag teastáil a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go mbeidh sé fós oiriúnach don fheidhm.

6

Cad ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar na cúlchistí?

A luaithe atá an beartas cúlchistí leagtha síos, tá sé tábhachtach a thuiscint conas a luíonn do staid airgeadais reatha i gcomparáid leis an leibhéal cúlchistí atá ag teastáil.

Is gá duit faireachán gníomhach a dhéanamh ar an leibhéal cúlchistí atá á shealbhú ag an gcarthanas chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tú ar an eolas faoi aon mhéaduithe nó aon laghduithe gan choinne iontu.

I gcás go mbeidh cúlchistí le linn na bliana faoi bhun na sprice nó go sáróidh siad an sprioc, ba cheart duit a bhreithniú cé acu is staid ghearrthéarmach nó léiriú ar shaincheist fhadtéarmach é sin. Is féidir go mbeidh ort gníomhaíocht a dhéanamh chun cúlchistí a athbhunú nó chun iad a chaitheamh. I gcás go dtitfidh cúlchistí faoi bhun na sprice, is féidir go mbeidh sé sin ina léiriú ar fhadhbanna airgeadais laistigh den charthanas agus ba cheart duit aon saincheisteanna a thagann chun cinn a bhreithniú. Ba cheart athruithe a dhéanamh de réir mar is gá agus an beartas cúlchistí a choinneáil cothrom le dáta.

7

Cúlchistí carthanais a úsáid le linn géarchéime

Is dúshlánach an rud é cúlchistí carthanais a bhainistiú le linn géarchéime nó le linn amanna atá éiginnte ón taobh eacnamaíoch de. Ar an gcéad ásc, ba cheart d'iontaobhaithe breithniú a dhéanamh ar a dtosaíochtaí don ghearrthéarma, don mheántéarma agus don fhadtéarma agus ba cheart dóibh a iniúchadh cé acu is gá nó nach gá dóibh a bpleanáil airgeadais a leasú mar gheall ar an staid reatha. Go háirithe, moltar d'iontaobhaithe carthanais smaoineamh faoi cé acu is féidir nó nach féidir tionscadail, míreanna caiteachais nó gníomhaíochtaí áirithe a stopadh nó a mhoilliú ionas gur féidir leo díriú ar chaiteachas riachtanach i gcás go mbeidh dúshlán airgeadais rompu le linn amanna éiginnte.

Is féidir cúlchistí a chaitheamh chun déileáil le heachtraí gan choinne, cosúil leo sin a thagann chun cinn le linn éigeandáil sláinte náisiúnta, mar shampla.

Mar atá leagtha amach sa Treoir seo, ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a shainaithint cé na cistí nó na sócmhainní a mbeidh teorainneacha ann ar a n-úsáid. I gcás gur teorainneacha inmheánacha iad na teorainneacha sin – mar shampla, i gcás gur chinn do charthanas cistí áirithe a chur i leataobh chun cuspóra ar leith – is féidir go mbeidh tú in ann na teorainneacha sin a athchur in ord tosaíochta. I gcás gur cistí srianta iad – a fhágann nach bhféadfadh iad a chaitheamh faoi rogha na n-iontaobhaithe – ní fhéadfadh iad a úsáid ach amháin chun cuspóra ainmnithe ar leith. Mar shampla, is féidir go gcuirfidh achainí ar chruinniú airgid srian ar chistí a úsáid chun cuspóra shonraigh nó, i gcás go mbeidh dearlaic bhuan agat, is féidir go mbeidh srianta ann ar an tsócmhainn dearlaice a dhíol chun cistí a scaoileadh.

Níor cheart breithniú a dhéanamh ar chistí srianta a rochtain nó a scaoileadh ach amháin i gcás nach mbeidh na roghanna eile, amhail cúlchistí a úsáid, indéanta. Ba cheart comhairle ghairmiúil a fháil ó aturnaetha, ó chuntasóirí nó ó chomhairleoirí

airgeadais eile sula ndéanfar cistí srianta a rochtain nó sula leasófar srianta ar na cistí sin. Molann an Rialálaí Carthanas duit breithniú cúramach a dhéanamh freisin ar an mórthionchar fadtéarmach a bheidh ag aon chinneadh den sórt sin ar d'athléimneacht airgeadais agus ar do chaidreamh le síntiúsóirí. Is gá fostaithe agus oibrithé deonacha an charthanais a chur ar an eolas faoi aon athruithe ar an dóigh a n-úsáidtear cistí srianta, toisc go bhféadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn siad leis an gcarthanas. Ba cheart gach cinneadh ar nithe airgeadais den sórt sin a dhéanamh ar bhonn comhchoiteann de ghnáth agus ní mór cinntí agus pointí gníomhaíochta tábhachtacha a thaifeadh i scríbhinn.

I gcás nach mbeidh tú in ann cistí srianta a rochtain nó nach mbeifear in ann cistí inmheánacha a athainmniú chun oibríochtaí leanúnacha an charthanais a mhaoiniú, beidh sé riachtanach breithniú cúramach a dhéanamh chun a chinntiú nach gconróidh an carthanas fiach i gcás nach mbeidh tú den tuairim ionraic, ar fhorais réasúnacha, go mbeidh an carthanas in ann an fiach a íoc de réir mar a thagann sé chun bheith dlite. In imthosca den sórt sin, tá sé tábhachtach go ndéanfa breithniú cúramach ar stádas airgeadais an charthanais ar bhonn leanúnach rialta chun a chinntiú nach ndéanfar aon bhearta a dhéanfaidh dochar do leasanna creidiúnaithe.

Ar mhaithe le bheith cuntasach agus trédhearcach, ba cheart do charthanais gach leas-sealbhóir a chur ar an eolas faoi aon athruithe atá le déanamh ar na srianta atá ann ar chistí srianta a rochtain nó ar aon athruithe atá le déanamh ar an úsáid a bhaintear as cistí srianta sula ndéanfar aon athruithe den sórt sin. Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an carthanas in iúl go soiléir cén fáth a bhfuil cistí srianta á rochtain agus go ndéanfaidh sé amhlaidh ar bhealach cuí tráthúil. Ar an mbealach sin, beidh aon pháirtithe leasmhara in ann a dtuairim a chur in iúl faoin dóigh a bhfuil an carthanas á réachtáil.

Uimhir Thagartha an Doiciméid SE GLS 8.2.1 023

An Rialálaí Carthanas

3 Duga Sheirse

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2020